Páipéar maidir le Rátaí Beartaithe Taraife Tástála

Bliain Fhéilire

an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026

21 Lúnasa 2025

EirGrid SONI

Clár na nÁbhar

GIORRÚCHÁIN 4

1. Achoimre Feidhmiúcháin 5

2. Réamhrá 6

3. Athbhreithniú 8

4. Rátaí Beartaithe Taraifí Tástála don bhliain 2026 9

   4.1. Rogha Bheartaithe na nOCTanna i gcás Tástáil Ardtionchair 12

   4.2. Rogha Bheartaithe na nOCTanna i gcás Tástáil Ísealtionchair 14

5. Moladh na nOCTanna 15

   5.1. Tástáil Ísealtionchair 15

   5.2. Tástáil Ardtionchair 15

6. Achoimre 16

7. Na Chéad Chéimeanna Eile 16

CÓIPCHEART © EirGrid SONI
Gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid den saothar seo a mhodhnú ná a atáirgeadh ná a chóipeáil in aon fhoirm ná trí mhodhanna
- grafacha, leictreonacha ná meicniúla, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipeáil nó córas faisnéise agus aisghabhála, ná a úsáid chun aon chríche seachas a chuspóir ainmnithe, gan cead i scríbhinn ó EirGrid agus SONI.

GIORRÚCHÁIN

CPI	Praghasinnéacs Tomhaltóirí
PN	Fógra Fisiceach
FPN	Fógra Fisiceach Deiridh Innéacs
HICP	Comhoiriúnaithe Praghsanna Tomhaltóirí
OSC	Muirir Chórais Eile
ÚR	Údarás Rialála
SEM	Margadh Leictreachais Aonair
DGF	Dearbhú ar Ghearrfhógra
OCT	Oibritheoir Córais Tarchurtha
UUT	Aonad atá á Thástáil
STSC	Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais

1. Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear taraifí tástála i bhfeidhm ar Aonaid atá á dTástáil (UUT) sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) bunaithe ar thoilleadh MW an aonaid ghineadóra. Bíonn na taraifí ag brath ar chineál na tástála atá ar bun agus an tionchar ar shlándáil an chórais. Tá roinnt costas ann a mheasann na hOibritheoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) a bheith iomchuí lena gcur san áireamh sna taraifí tástála. Baineann na costais sin leis an gCúltaca Oibriúcháin breise atá ann chun slándáil an chórais a chothabháil nuair atá aonad á thástáil, nuair a bhíonn tionchar ag UUT ar chinntí maidir le haonaid a chur isteach agus na costais a thabhaítear nuair a thiteann aschur UUT an-tapa nó nuair a thruipeálann sé. Déantar an muirir sin a shonrú sa mhodheolaíocht a úsáideadh chun na taraifí tástála a ríomh de réir an Pháipéir Chinnidh I-SEM maidir le Taraifí Tástála a foilsíodh an 10 Bealtaine 2018[1] agus a thagann le halt F.13 den Chód Trádála agus Socraithe (Cuid B[2]).

I gcomhairliúchán bliantúil na dtaraifí don bhliain fhéilire 2026, tá na OCTanna ag moladh an méid seo a leanas:

- Ráta muirir gach gné a mheastar a bheith ag baint leis an taraif tástála a choigeartú bunaithe ar anailís mhionsonraithe ar chostais a tabhaíodh le linn thástáil 2025 mar atá thíos.

	MW	Tástáil Ardtionchair			
		Costas Cúltaca na Seirbhísí Córais €/MWh	Costas Cúltaca Lochtanna €/MWh	Cur Isteach Aonaid €/MWh	Cion Iomlán €/MWh
GEN <50	50	€ -	€ -	€1.21	€1.21
50 < GEN ≤ 100	100	€ -	€ -	€4.69	€4.69
100 < GEN ≤ 150	150	€ -	€ -	€6.09	€6.09
150 < GEN ≤ 200	200	€ -	€ -	€6.82	€6.82
200 < GEN ≤ 250	250	€ -	€ -	€6.99	€6.99
250 < GEN ≤ 300	300	€ -	€ -	€7.11	€7.11
300 < GEN ≤ 350	350	€ -	€ -	€7.11	€7.11
350 < GEN ≤ 400	400	€ -	€ -	€7.11	€7.11
400 < GEN ≤ 450	450	€ -	€ -	€7.11	€7.11
450 < GEN	500	€ -	€ -	€7.11	€7.11

- Coinnigh an ráta ag nialas i gcás Tástáil Ísealtionchair, a tugadh isteach mar chuid de na socruithe athbhreithnithe SEM in 2018.

Cuireann na OCTanna fáilte roimh thuairimí ó earnáil na tionsclaíochta maidir leis na tograí seo.

[1] https://www.semcommittee.com/news-centre/i-sem-portion-2018-testing-tariffs-decision-paper
[2] https://www.sem-o.com/rules-and-modifications/balancing-market-modifications/market-rules/

2. Réamhrá

Toibhítear an taraif tástála ar an aonad gineadóra atá á dtástáil agus a meastar a bheith ina gné den Mhuirear Lochtanna. Mura n-íocann an UUT as na costais lochtanna sin, cuirfear ar aghaidh ansin iad chuig na soláthraithe agus chuig an tomhaltóir deiridh. Is toradh é sin nach bhfuil inmhianaithe, dar leis na OCTanna. Le halt F.13 den Chód Trádála agus Socraithe (Cuid B[3]), ceanglaítear ar Oibritheoirí an Chórais tuarascáil a chur chuig na hÚdaráis Rialála ar a laghad ceithre (4) mhí roimh thús na bliana ina moltar luachanna do na taraifí tástála don bhliain atá le teacht, má iarrann na hÚdaráis Rialála sin. Bhí rannpháirtíocht leanúnach ann idir OCTanna agus na hÚdaráis Rialála agus an taraif tástála á hathbhreithniú.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an athbhreithnithe ar an taraif tástála:

- A chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais faoi alt F.13 den Chód Trádála agus Socraithe
- Comhartha seasmhach muirir a chur ar fáil ionas gur féidir le rannpháirtithe a thuar roimh ré
- Tástáil ghníomhach a chur chun cinn chun iontaofacht na rannpháirtithe a chinntiú
- Leithdháileadh iomchuí na gcostas a chinntiú

Déanann an OCT tástáil an ghineadóra a chomhordú in éineacht leis an Lárionad Rialaithe ábhartha. Déantar próifílí tástála a chur faoi bhráid an OCT roimh an dáta atá beartaithe don tástáil chun go ndéanfar athbhreithniú orthu agus iad a faomhadh, lena n-áirítear a chinneadh an bhfuil tástáil Ardtionchair nó Ísealtionchair a bheas i gceist, de réir na sainmhínithe seo a leanas:

Tástáil Ardtionchair (Tástáil Shuntasach, ar a dtugtaí Taraif A tráth) Tástáil Oibríochta a mhaireann ar feadh 6 huaire an chloig nó níos faide, nó i gcás ina bhfuil an Fuinneamh Gníomhach a tháirgtear le linn thréimhse iomlán na tástála cothrom le nó níos mó ná:

(i) 3 oiread an Fhuinnimh Ghníomhaigh a gcuirfear amach ag Stáisiún Cumhachta Mholtóir na Tástála le linn 1 uair a chloig de bheith i mbun feidhme ag Toilleadh Cláraithe an Stáisiúin Chumhachta; nó

(ii) 500 MWh. Is ionann tionchar ar an UUT agus méadú sna costais a bhaineann le slándáil córais a chothabháil.

Tástáil Ísealtionchair (Miontástáil, ar a dtugtaí Taraif B tráth) Tástáil Oibríochta le haschur iomlán fuinnimh de níos lú ná:

(i) 3 oiread an Fhuinnimh Ghníomhaigh a gcuirfear amach ag Stáisiún Cumhachta Mholtóir na Tástála le linn 1 uair a chloig de bheith i mbun feidhme ag Toilleadh Cláraithe an Stáisiúin Chumhachta; nó

(ii) 500 MWh. Is ionann tionchar ar an UUT agus méadú sna costais a bhaineann le slándáil córais a chothabháil.

[3] https://www.sem-o.com/rules-and-modifications/balancing-market-modifications/market-rules/

Tá riosca breise ag baint le Tástáil Ardtionchair agus is iondúil go mbaineann sé le gineadóirí nua nó athchoimisiúnaithe, lena n-áirítear na gineadóirí a bhfuil athruithe déanta acu ar bhogearraí an rialaitheora.

Má dhéanann an OCT an próifíl tástála a fhaomhadh, cuireann an gineadóir ar mian leis tástáil a dhéanamh PNanna le bratacha comhfhreagracha aonaid atá á dtástáil acu lena léirítear an phróifíl fhaofa isteach. Má mheastar gur tástálacha Ardtionchair atá iontu, déanann Oibríochtaí Córais na hÉireann nó Thuaisceart Eireann treoir fhoirmiúil a chur chuig Oibritheoir an Mhargaidh ionas gur féidir an muirear CTEST a chur i bhfeidhm. Ansin, eisíonn an tIonad Rialaithe Treoracha maidir le Seoladh chuig an ngineadóir chun an phróifíl a cuireadh isteach a léiriú. Tugtar tuilleadh sonraí faoin bpróiseas sin in BP_SO_12.1 Tástáil Aonaid[4].

Agus giniúint á sceidealú le haghaidh lá ar mian le gineadóir dul i mbun Tástáil Ardtionchair, rachaidh sé i mbun tiomáint mhargaidh nach gcuirtear tástáil fhaofa san áireamh léi. Leis sin, déantar an sceideal giniúna is fearr ó thaobh luach ar airgead de a chomhlíonann critéir shlándála an chórais chumhachta. Ansin, déantar an tástáil fhaofa a ionchorprú sa sceideal deiridh, agus déantar spás le haghaidh na cumhachta breise trí na rannpháirtithe is costasaí a dheicrimintiú gan aonad a shaoradh. Déantar Tástáil Ardtionchair a sceidealú ar an gcaoi sin lena chinntiú go ndéantar slándáil an chórais a chothabháil i ngeall ar an riosca suntasach nach rachaidh an tástáil mar ba chóir, i ngeall ar an aonad gan a bheith ag feidhmiú mar a bhíothas ag súil nó ar iarchur na tástála ar ghearrfhógra.

Is féidir go dtiocfaidh costas lochtanna as aon chineál tástála aonaid, bíodh sí ina tástáil Ísealtionchair nó Ardtionchair. Is amhlaidh atá mar go ndéantar na haonaid a imréitíodh sa mhargadh a sheoladh amach óna suí sa mhargadh d'fhonn freastal ar an gcumhacht bhreise ar an gcóras, agus tagann méadú ar chostas an leictreachais don tomhaltóir deiridh mar thoradh air sin. Is muirir CDISCOUNT den chuid is mó a bhaineann leis an gcostas sin, mar gheall ar fharasbarr fuinnimh ón aonad atá á thástáil i gcomparáid leis an méid a imréitíodh sa mhargadh. Ní chuireann Íocaíochtaí ná Muirir Costais Sheasta go suntasach leis an gcostas lochtanna a bhaineann le tástáil aonaid sa chaoi a bhfuiltear ag súil lena gcur chun feidhme in 2026, mar nach saortar na haonaid a imréitíodh sa mhargadh ina n-iomláine, agus is annamh go ndéantar aonaid bhreise a dhearbhú, chun freastal ar thástáil.

Go stairiúil, cuireadh aonaid bhreise leis an gcóras níos minice chun slándáil an chórais a mhéadú agus tástáil ardchumhachta ar bun, go háirithe dá mbeadh an t-aonad a bhíodh á thástáil mar an Ionfhotha Aonair Is Mó chuig an gcóras. Mar sin féin, is iondúil go mbíonn flúirse cúltaca ag an gcóras, agus mar sin is annamh go gcuirtear aonaid bhreise leis an gcóras ar mhaithe le tástáil. Nuair a thagann na Socruithe Todhchaíocha do Sheirbhísí Córais (STSC) i bhfeidhm, beidh ar an OCT cúltaca breise a fháil ón margadh, lena n-áirítear an gá féideartha le haonad breise a chur leis an gcóras ar mhaithe le seirbhísí amhail cúltaca rampála, a mbeidh costas breise ag gabháil leis.

[4] https://www.sem-o.com/sites/semo/files/documents/general-publications/BP_SO_12.1_Unit_Testing.pdf

Tá sé tábhachtach do na OCTanna go mbíonn flít giniúna láidir, iontaofa againn, agus tá tástáil aonaid ríthábhachtach leis an méid sin a chinntiú. Dá réir sin, ní mór aon réim taraife a dhearadh sa chaoi is gur costas intuartha agus réasúnta do ghineadóirí í an tástáil, agus nach gcuirtear costas iomarcach breise ar an tomhaltóir deiridh. D'fhonn intuarthacht na gcostas tástála a chinntiú, tá sé beartaithe ag na OCTanna nach mbeidh aon nasc idir praghas na míchothromaíochta agus an muirear tástála. Freisin, agus cineál comhthairbheach na tástála aonaid á aithint, tá sé beartaithe ag na OCTanna díreach cuid den chostas iarbhír a bhaineann le tástáil aonaid a aisghabháil. Míneofar sin a thuilleadh níos déanaí sa pháipéar seo.

3. Athbhreithniú

Mar a tugadh faoi deara i bPáipéar Comhairliúcháin maidir le Rátaí Taraife Tástála don Bhliain Fhéilire an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025[5], tá athbhreithniú á dhéanamh ar an taraif tástála. Déanfar plé ar an modheolaíocht bheartaithe athbhreithnithe sa pháipéar seo. San alt seo, tabharfar athbhreithniú gearr ar an modheolaíocht atá in úsáid cheana.

Sa tábla thíos, bristear síos gnéithe na haisghabhála costais i gcás tástáil Ardtionchair. Níor bhain aon aisghabháil costais leis an tástáil Ísealtionchair sa tréimhse seo, i.e. socraíodh an taraif ag nialas.

Cur Isteach/Seoladh Aonaid Costais Lochtanna Chur Isteach Aonaid	Íocann an UUT as costas breise Lochtanna a bhaineann le haonaid a chur isteach mar go meastar é a bheith neamhiontaofa agus go bhfuil seans ann nach mbainfidh sé a phróifíl ualaigh amach. Seolfar an UUT ionas nach mbeidh feidhm ag aon Éagothroimí Neamhordaithe, ó tharla go bhfuil an UUT ag íoc as aonaid bhreise a chur isteach. Ní ghearrfar aon SNDanna, seachas má thruipeálann an t-aonad gan choinne.
Costais Lochtanna Cúltaca	Íocann an UUT as an gcostas breise Lochtanna a bhaineann le cúltaca a sholáthar más é a spreagann an ceanglas cúltaca córais mar an Ionfhotha Aonaid Is Mó.
Costais Cúltaca na Seirbhísí Córais	Íocann an UUT as an gcostas breise Seirbhísí Córais i gcás an chúltaca a íoctar le haonaid atá ag cur an cheanglais bhreise ar fáil. Tá an méid sin fíor ar an mbonn go spreagann an UUT an ceanglas cúltaca córais mar an Ionfhotha Aonair Is Mó.
Costais Mhuirir Truipe	Níl aon fhoráil ann i gcás dóchúlacht truipe sa Taraif Tástála agus glactar leis go ndéantar tobhach a ghearradh go huathoibríoch as aon truipeanna tríd an gcóras socraithe. Cinntítear leis sin nach ngearrtar muirear go míchuí tríd an taraif ar UUT nach dtruipeálann.

Tábla 1: Achoimre ar Aisghabháil Costais i gcás Tástáil Ardtionchair

I gcás 2026, táthar ag súil go mbeidh Costais Lochtanna Chur Isteach Aonaid ar an aon ghné amháin as na ceithre ghné sin a chuireann leis na costais a bhaineann le UUT. Cé nach iondúil é go gcuirtear aonaid bhreise leis an gcóras chun tástáil a éascú, leis an ngé seo, baineann na costais CDISCOUNT a ghabhann le haonaid a dheicrimintiú a imréitíodh sa mhargadh d'fhonn freastal ar an gcumhacht bhreise ar an gcóras a ghabhann leis an UUT.

[5] https://consult.soni.ltd.uk/consultation/proposed-testing-tariff-rates-paper-calendar-year-1st-january-31st-december-2025

Níltear ag súil go dtabhófar Costais Lochtanna Cúltaca agus Costais Cúltaca Seirbhísí Córais in 2026, leis na socruithe reatha DS3. Go ginearálta, bíonn flúirse cúltaca ag an gcóras, agus mar sin ní chuirtear aonaid bhreise leis chun cúltaca a sholáthar d'fhonn tástáil a éascú. Moltar go gcoinneofaí na gnéithe costais seo ach go socrófar an ráta ag €0/MWh don bhliain 2026.

A mhéid a bhaineann le Costais Muirir Thruipe, níor chuir na OCTanna aon dóchúlacht truipe san áireamh sa Taraif Tástála agus glacann siad leis go ndéantar tobhach a ghearradh go huathoibríoch as aon truipeanna tríd an gcóras socraithe.

Cinntítear leis sin nach ngearrtar muirear go míchuí tríd an taraif ar UUT nach dtruipeálann, i.e. baintear gné thruipe na taraife tástála.

Rinne an OCT anailís fhairsing de na costais lochtanna a bhaineann le UUTanna don chéad 6 mhí de bhliain fhéilire 2025. Leis an anailís sin, léiríodh go bhfuil an costas sin i bhfad níos airde ná an t-airgead a aisghabhadh ón muirear CTEST.

Is ionann na trí phríomhghné de na costais lochtanna agus CPREMIUM, CDISCOUNT agus CFC. Is ionann CPREMIUM agus íocaíocht bhreisithe lochtanna as aonad a incrimintiú os cionn a shuí sa mhargadh i gcásanna inarb ionann an praghas incriminteach agus suim níos airde ná praghas na míchothromaíochta. Den chuid is mó, is éard a bhíonn i gceist le tástáil aonaid ná cumhacht bhreise á cur ar an gcóras cumhachta lasmuigh den mhéid a imréitíodh sa mhargadh, agus mar sin ní dócha go dtabhófar costas CPREMIUM chun tástáil a éascú in 2026, i gcomhthéacs na socruithe seirbhíse córais reatha. Is ionann CDISCOUNT agus íocaíocht lascaine lochtanna as aonad a dheicrimintiú faoi bhun a shuí sa mhargadh i gcásanna inarb ionann an praghas deicriminteach agus suim níos lú ná praghas na míchothromaíochta. Meastar gurb ionann é sin agus an príomhchostas lochtanna a bhaineann leis an tástáil don bhliain 2026. Is éard atá i gceist le CFC ná íocaíochtaí/muirir costais sheasta le gineadóirí a gcuirtear d'éileamh orthu nuair nach bhfuil suí sa mhargadh acu nó nach gcuirtear d'éileamh orthu nuair atá suí sa mhargadh acu. Ós rud é go ndéantar tástáil a sceidealú sa chaoi is nach mbíonn tionchar aici ar thiomantas na n-aonad, measadh nár cheart costais lochtanna CFC a chur san áireamh i socrú an ráta taraife tástála don bhliain 2026.

4. Rátaí Beartaithe Taraifí Tástála don bhliain 2026

Socraítear na sceidil ghiniúna bunaithe ar phacáiste optamaithe bogearraí lena gcinntear an réiteach foriomlán ar an gcostas is lú lena gcomhlíontar na ceanglais slándála córais uile ag an am céanna. Tá séans ann go mbeidh gá le gníomhartha deicriminteacha chun saincheisteanna iomadúla a réiteach ag an am céanna agus tá sé dodhéanta gníomhartha aonair deicriminteacha a shainaithint agus a leithdháileadh ar cheanglais tástála a chomhlíonadh amháin.

Tá dhá chás freasúracha beartaithe againn inár n-anailís chun costas iarbhír na tástála a chinneadh, thar thréimhse 6 mhí:

Cás 1: Íoschostais

Sa chás seo, ríomhadh CDISCOUNT ag baint leas as na gníomhartha deicriminteacha ba shaoire arb ionann iad agus toirt fhuinnimh na próifíle tástála. Tá na OCTanna den tuairim go bhfuil gá le formhór na ngníomhartha seo chun na ceanglais slándála córais a chomhlíonadh, agus go raibh gá le gníomhartha níos costasaí de bhreis agus de bharr orthu sin chun an tástáil a éascú.

Cás 2: Uaschostais

Sa chás seo, ríomhadh CDISCOUNT ag baint leas as na gníomhartha deicriminteacha ba chostasaí, arb ionann iad agus toirt fhuinnimh na próifíle tástála. Tá na OCTanna den tuairim nach féidir linn é sin a nascadh le costas na tástála go hiomlán, mar go bhfuil seans ann go mbainfidh roinnt gníomhartha slándála córais a ghabhann le srianta tarchurtha leis na costais níos airde seo, agus nach bhfuil baint acu leis an tástáil.

Sa chairt seo thíos, léirítear an neamhréir idir aisghabháil CTEST agus costais CDISCOUNT sa dá chás.



Fíor 1: Aisghabháil Costais CTEST vs CDISCOUNT i gcás Chás 1 agus Chás 2

Bunaithe ar anailís 2025, cinneadh go bhfuil ~22% de chostais Chás 1 agus ~9% de chostais Chás 2 slánaithe ag an taraif CTEST.

Sa tréimhse athbhreithnithe, sinne na OCTanna iniúchadh freisin ar aisghabháil costais na taraife CTEST i gcás gach raon toillte rannpháirtí is infheidhme don struchtúr reatha don mhuirear taraife tástála. I ndiaidh an athbhreithnithe seo, cinneadh gur bhain formhór na sonraí tástála 2025 le haonaid sa raon méide 250 - 300 MW. Sa chairt thíos, léirítear líon na dtréimhsí trádála le sonraí tástála i gcás aonad de mhéideanna éagsúla.



Fíor 2: Tréimhsí Trádála na sonraí tástála i gcás aonad de mhéideanna éagsúla

Cosúil leis sin, ag féachaint ar an tacar sonraí céanna ó dhearcadh fuinnimh, bhain formhór an fhuinnimh bainteach le tástálacha leis an raon méide 250 - 300 MW.



Fíor 3: Fuinneamh tástála i gcás aonad de mhéideanna éagsúla

Ag féachaint ar aisghabháil costais CTEST laistigh de na raonta giniúna sin, feicimid treocht dhíréireach, mar a léirítear thíos.



Fíor 4: Aisghabháil Costais Raon Feidhme na Rannpháirtithe

De réir fhíor 4 thuas, is féidir a fheiceáil go ngabhann sonraí a bhaineann leis an raon toillte 250 – 300 MW leis na meán-fhigiúirí foriomlána aisghabhála costais. De bharr gurb é seo an tacar sonraí is mó a bhí ar fáil, measadh gurb ionann é agus an t-aon fhoinse iontaofa sonraí agus mar thoradh air sin, b'ionann é agus príomh-bhonn ár n-anailíse.

4.1. Rogha Bheartaithe na nOCTanna i gcás Tástáil Ardtionchair

Tá an t-athrú taraife 2026 atá beartaithe bunaithe ar sprioc-aisghabháil de 35% den chostas tástála a ríomhadh, ag baint úsáid as an tsamhail íoschostais ó Chás 1 agus ag socrú gach muirear a bhaineann leis na ceanglais cúltaca ag €0/MWh. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar de sprioc íseal aisghabhála a roghnú ná ró-aisghabháil costais tástála ag na hoibreoirí córais tarchurtha a sheachaint, ag a chinntiú nach gcuirtear cosc airgeadais ar thástáil a dhéanamh, agus ag an am céanna an méid díréireach atá á íoc faoi láthair ag soláthraithe agus ag úsáideoirí deiridh leictreachais sa deireadh a cheartú.

I bhfianaise an raoin sonraí a bhí ar fáil do na OCTanna i ndiaidh dheireadh athbhreithniú 2025 ar mhuirir CTEST, measadh nach raibh dóthain sonraí ar fáil ach do rannpháirtithe sa raon toillte 250 – 300 MW chun aon chinneadh a dhéanamh maidir le ráta taraife tástála nua do 2026. Chun 35% de Chostais Neamhfhoirfeachtaí Chás 1 2025 a aisghabháil sa raon toillte seo, bheadh gá an taraif reatha de €4.70 in aghaidh an MWh a mhéadú 1.51 uair go €7.11.

I gcás gach rannpháirtí i raonta toillte os cionn 250 MW – 300 MW, meastar go bhfuil nochtadh méadaithe do Chostais Lochtanna i bhfoirm íocaíochtaí CDISCOUNT toisc go n-éascófar próifílí tástála os cionn na huasteorann 300 MW seo agus go dtabhóidh an OCT gníomhartha costais dheicriminteacha níos airde chun an tástáil a éascú. In éagmais sonraí oiriúnacha, áfach, molann na OCTanna ar dtús ráta taraife tástála seasta de €7.11 a shocrú do gach rannpháirtí sa raon toillte 250 MW agus os a chionn don bhliain 2026.

I gcás gach rannpháirtí i raonta toillte faoi bhun 250 MW, meastar go bhfuil laghdú ar an nochtadh do Chostais Lochtanna i bhfoirm íocaíochtaí CDISCOUNT toisc nach féidir ach próifílí tástála faoi bhun an uasteorainn 250 MW seo a éascú. I gcás na rannpháirtithe sin, molann na OCTanna

an struchtúr costais reatha a choinneáil agus méadú 1.51 oiread a chur i bhfeidhm ar na rátaí atá ann cheana féin, atá ailínithe leis an méadú ar an taraif 250-300 MW.

Leanfaidh na OCTanna den anailís seo a bhailiú thar thréimhse níos faide agus déanfaidh siad athbhreithniú ar oiriúnacht na rátaí taraife tástála i ngach ceann de na raonta toillte rannpháirtithe a chinnfear nuair a bheidh méid oiriúnach sonraí ar fáil.

	MW	Tástáil Ardtionchair			
		Costas Cútaca Seirbhísí Córais €/MWh	Costas Cúltaca Lochtanna €/MWh	Cur Isteach Aonaid €/MWh	Muirear Iomlán €/MWh
GEN <50	50	€ -	€ -	€0.80	€0.80
50 < GEN ≤100	100	€ -	€ -	€3.10	€3.10
100 < GEN ≤ 150	150	€ -	€ -	€4.03	€4.03
150 < GEN ≤ 200	200	€ -	€ -	€4.51	€4.51
200 < GEN ≤ 250	250	€ -	€ -	€4.62	€4.62
250 < GEN ≤ 300	300	€ -	€ -	€4.70	€4.70
300 < GEN ≤ 350	350	€ -	€ -	€4.82	€4.82
350 < GEN ≤ 400	400	€0.06	€0.05	€4.32	€4.43
400 < GEN ≤ 450	450	€0.28	€0.42	€3.11	€3.81
450 < GEN	500	€0.54	€1.24	€2.57	€4.35

Tábla 2: Rátaí CTEST 2025 i gcás Tástáil Ardtionchair

	MW	Tástáil Ardtionchair				Ráta an Mhéadaithe	Cuspóir
		Costas Cúltaca na Seirbhísí Córais €/MWh	Costas Cúltaca Lochtanna €/MWh	Cur Isteach Aonaid €/MWh	Cion Iomlán €/MWh		
GEN <50	50	€ -	€ -	€1.21	€1.21	1.51	
50 < GEN ≤ 100	100	€ -	€ -	€4.69	€4.69	1.51	
100 < GEN ≤ 150	150	€ -	€ -	€6.09	€6.09	1.51	
150 < GEN ≤ 200	200	€ -	€ -	€6.82	€6.82	1.51	
200 < GEN ≤ 250	250	€ -	€ -	€6.99	€6.99	1.51	
250 < GEN ≤ 300	300	€ -	€ -	€7.11	€7.11	1.51	Aisghabháil 35% de Chás 1
300 < GEN ≤ 350	350	€ -	€ -	€7.11	€7.11	1.48	
350 < GEN ≤ 400	400	€ -	€ -	€7.11	€7.11	1.60	
400 < GEN ≤ 450	450	€ -	€ -	€7.11	€7.11	1.87	
450 < GEN	500	€ -	€ -	€7.11	€7.11	1.63	

Tábla 3: Muirear Tástála Beartaithe i gcás Tástáil Ardtionchair

4.2. Rogha Bheartaithe na nOCTanna i gcás Tástáil Ísealtionchair

Ní mholann na OCTanna aon athrú i leith an chuir chuige reatha i gcás Tástáil Ísealtionchair, i.e. ní ghearrfar aon mhuirear tástála.

5. Moladh na nOCTanna

Leanann na OCTanna dá moladh nár cheart aon taraif a ghearradh i gcás tástáil ísealtionchair, agus i gcás tástáil ardtionchair, ba cheart na socruithe a leagtar amach i dTábla 3 a chur i bhfeidhm. Déantar an réasúnaíocht do na moltaí sin a leagan amach thíos.

5.1. Tástáil Ísealtionchair

I gcás tástáil ísealtionchair, glacfaidh na OCTanna leis go bhfuil an t-aonad iontaofa, go mbainfidh sé an Fógra Fisiceach Deiridh a chuir sé isteach amach agus nach bhfuil sé i mbaol breise truipe. Molann na OCTanna gur cheart ndéanfar muirear truipe a thaobhach go huathoibríoch ar aon UUT a thruipeálann, tríd an uathchóras socraithe Muirir Chórais Eile (MCE). Cinntítear leis sin nach ngearrtar muirear go míchuí ar UUT nach dtruipeálann. Cuirfear Dearbhuithe ar Ghearrfhógra (SNDanna) i bhfeidhm amhail is gur raibh an t-aonad ag feidhmiú mar is gnách. Déantar é sin chun iontaofacht mhéadaithe na rannpháirtithe a chur chun cinn trí thástálacha gearrthéarmacha ar an gcóras a éascú.

Tá sé beartaithe ag na OCTanna tástálacha ísealtionchair a áireamh ina n-anailís ar Impleachtaí Costais Lochtanna agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht an chuir chuige sin.

5.2. Tástáil Ardtionchair

I gcás tástáil ardtionchair, tá costais ann, amhail aonaid eile a dheicrimintiú amach óna suí sa mhargadh, nach n-íocann an UUT astu atá freagrach ó thaobh airgeadais de sa mhargadh.

Molann na OCTanna na rátaí i gcás tástáil ardtionchair a leagtar amach i dTábla 4 thíos, a bheith infheidhme in 2026.

	MW	Tástáil Ardtionchair			
		Costas Cúltaca na Seirbhísí Córais €/MWh	Costas Cúltaca Lochtanna €/MWh	Cur Isteach Aonaid €/MWh	Cion Iomlán €/MWh
GEN <50	50	€ -	€ -	€1.21	€1.21
50 < GEN ≤ 100	100	€ -	€ -	€4.69	€4.69
100 < GEN ≤ 150	150	€ -	€ -	€6.09	€6.09
150 < GEN ≤ 200	200	€ -	€ -	€6.82	€6.82
200 < GEN ≤ 250	250	€ -	€ -	€6.99	€6.99
250 < GEN ≤ 300	300	€ -	€ -	€7.11	€7.11
300 < GEN ≤ 350	350	€ -	€ -	€7.11	€7.11
350 < GEN ≤ 400	400	€ -	€ -	€7.11	€7.11
400 < GEN ≤ 450	450	€ -	€ -	€7.11	€7.11
450 < GEN	500	€ -	€ -	€7.11	€7.11

Tábla 4: Gnéithe Costais Taraifí Tástála don bhliain 2026

6. Achoimre

Mar achoimre, molann na OCTanna an méid seo a leanas:

1. Molann na OCTanna go socraítear Taraifí Tástála i gcás tástáil ísealtionchair ag nialas i gcónaí, le héifeacht ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;

2. Molann na OCTanna Taraifí Tástála i gcás tástáil ardtionchair i dTábla 4 thuas, le héifeacht ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;

3. An moladh seo a leanas ó na OCTanna a choinneáil:

    a. Ba cheart ndéanfar muirear truipe a thaobhach go huathoibríoch ar aon UUT a thruipeálann, tríd an uathchóras socraithe OSC;
    b. I gcás tástáil ísealtionchair: Ba cheart SNDanna a chur i bhfeidhm dá mba rud é go raibh an t-aonad i bhfeidhm mar is gnách;
    c. I gcás tástáil ardtionchair: Leanfar le feidhm na SNDanna má thruipeálann aonad gan choinne.

    Leanfaidh na OCTanna lena rannpháirteachas leis na hÚdaráis Áitiúla le linn an athbhreithnithe chuimsithigh ar mhodheolaíocht na dTaraifí Tástála, agus ar deireadh, ag dul i mbun comhairliúcháin maidir le torthaí an athbhreithnithe sin.

7. Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá fáilte roimh thuairimí ó pháirtithe leasmhara ar an bpáipéar comhairliúcháin seo. Is fearr iad seo a ailíniú agus tagairt a dhéanamh dóibh leis na hailt agus leis na fo-ailt ábhartha den cháipéis seo. Más gá rúndacht, ba cheart é seo a dhéanamh soiléir sa fhreagra, nó foilseofar na haighneachtaí ar shuíomhanna gréasáin na nOibritheoirí Córais Tarchurtha[6].

Tabhair faoi deara go gcuirfear gach freagra ar fáil do na hÚdaráis Rialála ar aon chuma.

- Breithneoidh na OCTanna na tuairimí ar fad a gheofar ar an bpáipéar comhairliúcháin agus déanfaidh siad moltaí do na hÚdaráis Rialála bunaithe orthu sin,

- Is féidir leis na hÚdaráis Rialála na moltaí arna moladh ag na OCTanna a cheadú/a dhiúltú agus na freagraí a fuarthas á gcur san áireamh, agus

- Cuirfidh na OCTanna chun feidhme i gcomhréir leis an gcinneadh rialála.

Is é 5i.n. an 19 Meán Fómhair 2025 an dáta deiridh le haghaidh freagraí.

Má tá aon tuairimí nó ceisteanna agat maidir leis na Taraifí Tástála seo atá beartaithe do 2026, seol freagra tríd an Tairseach Comhairliúcháin.

[6] www.eirgrid.com agus www.soni.ltd.uk